Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2019
(OR. en)**

**10592/19**

**ENER 392
CLIMA 196**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10264/19 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach<br>– Conclúidí ón gComhairle (25 Meitheamh 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na conclúidí maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach, arna nglacadh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 25 Meitheamh 2019.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le todhchaí na gcóras fuinnimh san Aontas Fuinnimh d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus d'fhonn cuspóirí fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. AG MEABHRÚ DI:

- na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 13 agus 14 Nollaig 2018, go háirithe maidir leis an gcuireadh leanúint den obair ar na gnéithe sin atá leagtha amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún *A Clean Planet for all* [Pláinéad Glan do Chách],
- na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 agus 22 Márta 2019 ina gcuirtear i dtreis a thábhachtaí atá sé go dtíolacfadh an tAontas straitéis fhadtéarmach uaillmhianach faoi 2020,
- na conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 20 Meitheamh 2019 ina dtugtar aghaidh ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le fís straitéiseach fhadtéarmach Eorpach chun geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch agus aeráidneodrach a bhaint amach,
- an pacáiste reachtach 'Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad', lena socraítear an creat chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 a chur chun feidhme maidir le laghduithe ar ghás ceaptha teasa, méaduithe ar fhuinneamh inathnuaite, feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar idirnaisc leictreachais,
- na conclúidí ón gComhairle a glacadh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Samhain 2018 maidir le 'straitéis beartais tionscail an Aontais amach anseo' a leagann béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí beartas tionsclaíochta a phríomhshruthú i ngach beartas de chuid an Aontais lena n-áirítear beartas fuinnimh.

2. AG TABHAIRT DÁ hAIRE DI:

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2016 *EU Strategy on Heating and Cooling* [Straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Téamh agus Fuarú],
- an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017, *Strengthening Europe's energy networks* [Gréasáin fuinnimh na hEorpa a neartú],
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Eanáir 2019 *Energy prices and costs in Europe* [Praghsanna agus costais fuinnimh san Eoraip],
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2019, *Fourth Report on the State of the Energy Union* [An ceathrú tuarascáil ar staid an Aontais Fuinnimh],
- An Moladh ón gCoimisiún an 3 Aibreán 2019 maidir leis an gcibearshlándáil in earnáil an fhuinnimh.

3. AG AITHINT DI na cúig ghné den Aontas Fuinnimh, a bhfuil beartas aeráide réamhbhreathnaitheach ag baint leo, a bhfuil dlúthbhaint eatarthu agus a threisíonn a chéile: an tslándáil fuinnimh, an dlúthpháirtíocht agus an iontaoibh; margadh fuinnimh Eorpach lán-chomhtháite; éifeachtúlacht fuinnimh lena rannchuidítear leis an éileamh a mhaolú; dícharbónú an gheilleagair; agus an taighde, nuálaíocht agus iomaíochas, agus an gá atá le straitéis chomhleanúnach agus cur chuige cothromaithe i ndáil leis na cúig ghné sin a sholáthar agus AG AITHINT DI a thábhachtaí atá sé gach beartas earnála a phríomhshruthú d'fhonn tacú le cuspóirí fuinnimh agus aeráide, le slándáil an tsoláthair agus le go mbeidh rochtain ag an tomhaltóir ar fhuinnimh.

4. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go dtíolacfadh an tAontas Eorpach straitéis fhadtéarmach uaillmhianach faoi 2020 ina ndéanfaí gach iarracht an neodracht aeráide, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, a bhaint amach agus sainiúlachtaí na mBallstát agus iomaíochas na tionsclaíochta Eorpaí á gcur san áireamh agus AITHNÍONN SÍ nach mór dlús a chur faoi na hiarrachtaí domhanda atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, i bhfianaise an eolais eolaíochta is deireanaí atá ar fáil, go mór mór an Tuarascáil Speisialta ó IPCC maidir le tionchar an téimh dhomhanda (atá anois 1.5 °C níos airde ná na leibhéil réamhthionsclaíocha).

5. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach mór go dtarlódh an t-aistriú fuinnimh, i.e. córais fuinnimh inacmhainne, sábháilte, iomaíoch, slán agus inbhuanaithe agus go mbainfí amach spriocanna fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis, go háirithe, trí ghréasáin fuinnimh idirnasctha, iontaofa agus costéifeachtach a fhorbairt agus an córas fuinnimh a nuachóiriú, trí theicneolaíochtaí nuálacha, an digitiú, an chúpláil earnála agus an comhtháthú earnála a chur chun cinn, agus
Á AITHINT DI, ag an am céanna, go bhfuil margaí fuinnimh dea-fheidhmiúla tábhachtach chun aistriú fuinnimh costéifeachtach a bhaint amach, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche agus ceart an Bhallstáit chun meascán fuinnimh agus teicneolaíochtaí dá chuid féin a roghnú á aithint di.

6. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh pleananna uaillmhianacha náisiúnta comhtháite don fhuinneamh agus don aeráid (NECP) agus go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach iad mar aon le comhordú agus comhar réigiúnach idir na Ballstáit maidir leis na pleananna sin, agus sainiúlachtaí agus, ag an am céanna, féidearthachtaí éagsúla an Bhallstáit a léirítear sna NECP á gcur san áireamh agus, ag an am céanna, urraim á tabhairt do cheart an Bhallstáit rogha a dhéanamh idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh, agus AITHNÍONN SÍ an ról atá ag córas rialachais an Aontais Fuinnimh agus ar mhalartú dea-chleachtas d'fhonn spriocanna fuinnimh agus aeráide as seo go 2030 agus dá éis, a ráthú agus a bhaint amach.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí i gcroílár an phróisis aistrithe fuinnimh d'fhonn tacaíocht an phobail a áirithiú do spriocanna uaillmhianacha an Aontais maidir le fuinnimh agus aeráid a bhaint amach as seo go 2030 agus dá éis mar aon le glacadh an phobail i dtaca le beartais, agus aistriú cóir agus cothrom a sholáthar a chuireann san áireamh custaiméirí leochaileacha, bochtaineacht fuinnimh agus tionchair réigiúnacha, shóisialta agus eacnamaíocha, amhail na réigiúin sin ar mór a lorg guail, scealla ola agus móna[1].

8. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór fuinneamh inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí teaghlaigh agus don earnáil tionsclaíochta d'fhonn iomaíochas domhanda an fhuinnimh a áirithiú.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór cothrom na Féinne a thabhairt do tháirgeoirí leictreachais na hEorpa, d'fhonn iomaíochas a áirithiú agus lena gcomhlíontar spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais *vis à vis* táirgeoirí ó thríú tíortha.

[1] Mar a pléadh, mar shampla san "Ardán i dtaca le réigiúin ar mór a lorg guail agus carbóin agus atá ag aistriú".

10. AITHNÍONN SÍ nach mór infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a dhéanamh d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a éascú sna hearnálacha ábhartha uile, agus a thábhachtaí atá sé tacaíocht leordhóthanach airgeadais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta a áirithiú mar aon le creat infheistíochta cobhsaí intuartha, agus BEIM Á LEAGAN AICI ar an tábhacht atá le creat foriomlán airgeadais an Aontais Eorpaigh, ról an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta iolraitheoirí a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí inbhuanaithe agus an tábhacht atá le rialacha an Aontais maidir le státchabhair a bheidh comhleanúnach le spriocanna fuinnimh agus aeráide an Aontais as seo go 2030 agus dá éis a bhaint amach agus le reachtaíocht ábhartha an Aontais chun na spriocanna sin a chur chun feidhme.

11. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, mar shampla i bhfoirgnimh, i mbonneagar fuinnimh, mar aon le fearais thionsclaíocha chomh maith agus BÉIM Á LEAGAN AICI, ag an am céanna, ar an ngá atá ann deireadh a chur le bacainní rialála agus bacainní margaidh eile agus úsáid a bhaint as comhchaighdeáin.

12. AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag an gcomhar réigiúnach d'fhonn an t-aistriú fuinnimh a áirithiú agus d'fhonn spriocanna an Aontais Fuinnimh a bhaint amach, lena n-áirítear trí na fóraim chomhair atá ann cheana féin san Aontas agus le gníomhaithe seachtracha.

**I. D'fhonn forbairt ar ghréasáin fuinnimh chostéifeachtacha iontaofa a chur chun cinn, déanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:**

13. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá sé go mbeidh gréasáin fuinnimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta costéifeachtach agus éifeachtúil i gcumasú an aistrithe fuinnimh ar mhaithe le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus chun slándáil an tsoláthair a áirithiú, agus béim á leagan ar fhoinsí agus bealaí fuinnimh a éagsúlú agus ar chomhtháthú na margaí a fheabhsú.

14. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an bonneagar fuinnimh a dhéanamh réidh d'fhonn úsáid a bhaint as na deiseanna a chuireann an próiseas leanúnach i dtaca le nuachóiriú agus dícharbónú ar fáil, tríd an sciar den fhuinneamh inathnuaite atá ag dul i méid, chun córas fuinnimh atá slán, oiriúnach don fheidhm, atá nua-aimseartha, éifeachtach, cliste agus athléimneach a fhorbairt ar fud an Aontais Eorpaigh.

15. SAINAITHNÍONN SÍ na tosaíochtaí seo a leanas i dtaca le bonneagar fuinnimh:

a. Feabhas a chur ar fhorbairt na n-idirnasc trasteorann is gá chun an sprioc maidir le hidirnaisc leictreachais de 10 % do 2020 agus an sprioc de 15 % do 2030 a bhaint amach, mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Rialachas agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá ríthábhachtach chun córais na mBallstát a nascadh, a chomhtháthú, agus a shioncrónú le córais fuinnimh an Aontais agus aghaidh a thabhairt freisin ar scroigeanna laistigh den stát agus ar naisc inmheánacha atá in easnamh, ar mhaithe le margadh inmheánach fuinnimh atá iomlán éifeachtach agus níos comhtháite a bhaint amach; agus solúbthacht in earnáil an fhuinnimh agus na cumhachta a fheabhsú, *inter alia*, trí stóráil fuinnimh, fairsingiú eangaí, giniúint sholúbtha, teicneolaíochtaí tiontaithe, cúpláil earnála chomh maith le réitigh bainistithe a éileamh amhail méadrú cliste a chur chun cinn;

b. Tuilleadh éascaithe a dhéanamh ar fhorleathadh céimneach RES chomh maith lena gcomhtháthú sna gréasáin, ar an leibhéal tarchuir agus dáileacháin araon, lena n-áirítear comhtháthú ar eangacha eischósta agus ar mhoil, go háirithe tríd an gcomhtháthú earnála a chur chun cinn agus réitigh stórála a fhorbairt, ag cur san áireamh an gá atá le gréasáin tarchurtha feabhsaithe chun cobhsaíocht na n-eangaí agus slándáil an tsoláthair a chothabháil;

c. Éascú a dhéanamh ar thuilleadh leictrithe an gheilleagair, go háirithe sna hearnálacha sin atá trom ó thaobh na n-astaíochtaí de, amhail in earnálacha an iompair agus na tionsclaíochta;

d. Leas a bhaint as an acmhainneacht shuntasach a bhaineann le teas inathnuaite, dramhtheasa agus comhghiniúint cumhachta agus teasa ardéifeachtúla san earnáil téimh agus fuaraithe, lena n-áirítear córas téimh agus fuaraithe ceantair;

e. Forbairt ar bhonneagair maidir le leictrea-shoghluaisteacht, breoslaí inathnuaite agus breoslaí ionadúla eile, amhail hidrigin, bithghás agus breoslaí sintéiseacha a chur chun cinn, i gcomhréir le Treoir 2014/94 maidir le bonneagar breosla ionadúil, amhail bonneagar luchtaithe EV sna limistéir phoiblí agus phríobháideacha, ar fud an Aontais;

f. Anailís a dhéanamh ar ról an bhonneagair atá ann cheana féin d'fhonn aistriú fuinnimh costéifeachtach a bhaint amach agus d'fhonn éifeachtaí gaibhnithe agus sócmhainní tréigthe a sheachaint, agus optamú a dhéanamh ar mbonneagar atá ann cheana féin agus ar na hidirnaisc atá ar fáil, trí úsáid uasta a bhaint as comhtháthú margaidh, as cúpláil earnála agus as an gcomhar réigiúnach;

g. A áirithiú go ndéanfar an bonneagar ríthábhachtach fuinnimh mar aon leis an gcibearshlándáil a chosaint.

**II. D'fhonn forbairt na dteicneolaíochtaí nuálacha agus a n-úsáid a chur chun cinn, déanfaidh an Chomhairle na nithe seo a leanas:**

16. IARRANN SÍ ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh cothrom na Féinne ag teicneolaíocht ísealcharbóin atá ar fáil cheana féin agus iad sin atá ag teacht chun cinn agus ag réitigh mhargadh-bhunaithe, agus, ag an am céanna, BÉIM Á LEAGAN AICI nár mhór de na teicneolaíochtaí sin atá le húsáid a bheith iontaofa, sábháilte, inbhuanaithe agus glas.

17. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an taighde agus an taisealbhadh mar aon le coinníollacha a thugann an deis do theicneolaíochtaí atá nua agus nuálach, agus a rannchuidíonn le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais, forbairt agus aibiú faoi dhálaí margaidh, CUIREANN SÍ I bhFIOS nár mhór infheistíochta sa Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht a mhéadú go suntasach d'fhonn ceannasacht theicneolaíoch cuideachtaí Eorpacha a éascú maidir le teicneolaíochtaí atá ann cheana féin agus iad sin atá ag teacht chun cinn agus, ag an am céanna, samhlacha gnó agus nuálaíochtaí sóisialta a chur chun cinn chun a áirithiú go mbeidh úsáid agus glacadh le réitigh theicneolaíocha, agus, sa chomhthéacs sin MOLANN SÍ forbairt a dhéanamh ar theicneolaíochtaí a éascaíonn athrú struchtúrtha maidir leis an mbealach a gcaitheann an tsochaí agus gnólachtaí le fuinneamh trí athruithe iompair an duine agus na ngnólachtaí a spreagadh, agus a chuideodh, dá réir, le bonn a chur faoin aistriú fuinnimh.

18. CUIREANN SÍ I dTREIS go mbeidh ról bunriachtanach ag an digitiú, lena n-áirítear forbairt eangacha cliste agus bainistiú sonraí agus a chosaint, maidir leis an gcóras fuinnimh amach anseo, ag cur breis solúbthachta ar fáil agus ag tacú leis an mbunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh agus slándáil an tsoláthair, agus, ag an am céanna, AITHNÍONN SÍ go gcaithfear an chibearshlándáil agus cosaint sonraí pearsanta a áirithiú ar fud na hearnála fuinnimh.

19. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil córais stórála, gnáthréitigh agus nuaréitigh araon, fíorthábhachtach don aistriú, nuair atáthar ag rannchuidiú leis an dícharbónú.

20. MOLANN SÍ go bhfeabhsófaí cistí ón Aontas agus an rochtain a bhíonn le fáil orthu, go háirithe, do thomhaltóirí gníomhacha agus do phobail fuinnimh mar aon le hearnáil na tionsclaíochta nuair atáthar i mbun nuálaíochta agus i mbun oiriúna do riachtanais aistrithe fuinnimh, agus ag am céanna, cothrom na Féinne a áirithiú do na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá réitigh mhargadh-bhunaithe i gcomhcheangal le tacaíocht airgeadais costéifeachtúil chun fuinneamh inathnuaite a chur in úsáid go tapa, *inter alia* trí shásra nua maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh inathnuaite laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, éifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle eile d'fhonn leas a bhaint as acmhainn foinsí inathnuaite fuinnimh agus éifeachtúlachta fuinnimh inathnuaite go háirithe in earnáil na bhfoirgneamh, agus sineirgí a shaothrú le scéimeanna maoiniúcháin eile de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail Fís Eorpach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an clár InvestEU agus na Cistí Struchtúracha chun cistiú costéifeachtach ar an aistriú fuinnimh a áirithiú, agus, sa chomhthéacs sin, MOLANN SÍ go mbainfí úsáid as ionstraimí airgeadais dí-bhaincéireachta, i gcás na n-earnálacha inathnuaite agus earnálacha na héifeachtúlachta fuinnimh.

22. Á THABHAIRT DÁ hAIRE uaillmhian an Aontais i leith an fhuinnimh inathnuaite agus i leith na héifeachtúlachta fuinnimh, TUGANN SÍ DÁ hAIRD go bhféadfadh na réitigh sin atá bunaithe ar na teicneolaíochtaí maidir le gabháil agus stóráil charbóin (CCS) agus gabháil agus úsáid charbóin (CCU) ról a imirt maidir le dícharbónú, go háirithe i dtaca le maolú ar astaíochtaí próisis in earnáil na tionsclaíochta, maidir leis na Ballstáit sin a roghnaíonn an teicneolaíocht seo.

23. AITHNÍONN SÍ an gá atá le measúnú a dhéanamh agus cuntas a thabhairt ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí nua i dtaca leis an ngné eacnamaíoch agus sóisialta araon, agus é mar aidhm leis sin iomaíochas tionsclaíoch an Aontais Eorpaigh a chothabháil agus a fheabhsú ar fud an domhain d'fhonn fás agus fostaíocht a chothú, agus, ag an am céanna, bearta a dhéanfadh dochar don iomaíochas sin a sheachaint agus CUIREANN SÍ I bhFIOS na deiseanna a chuireann cur chuige beartas cuimsitheach tionsclaíoch Eorpach ar fáil chun coinníollacha oiriúnacha agus tacaíochta a chruthú le go mbeadh an tAontas Eorpach ar cheann an róid ó thaobh an aistrithe fuinnimh de.

**III. D'fhonn an chúpláil earnála agus an comhtháthú earnála a chur chun cinn, déanfaidh an Chomhairle na nithe seo a leanas:**

24. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá an chúpláil earnála agus an comhtháthú earnála, amhail leictreachas, gás, téamh agus fuarú, chomh maith le bonneagar iompair, a fhaigheann tacaíocht ón digitiú, atá ríthábhachtach chun rannchuidiú le dícharbónú an chórais fuinnimh ar bhealach costéifeachtach agus i bhfianaise go bhfuil rannpháirtíocht na saoránach agus uath-ídiú, amhail trí chathracha cliste agus pobail fuinnimh, tábhachtach chun an chúpláil earnála a bhaint amach.

25. CUIREANN SÍ I dTREIS ar a thábhachtaí atá sé go n-áiritheofaí cothrom na Féinne ar fud na n-earnálacha ionas go n-úsáidfear na réitigh sin atá níos costéifeachtaí agus iontaofa don dícharbónú agus CUIREANN SÍ I bhFIOS, i ndáil leis sin, nach mór anailís a dhéanamh ar bhacainní agus bearnaí rialála a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le bacainní agus bearnaí margaidh eile gan údar agus iniúchadh a dhéanamh ar chaighdeáin choiteanna d'fhonn margaíocht a éascú agus teicneolaíochtaí maidir leis an gcomhtháthú earnála agus an chúpláil earnála a fhorbairt.

26. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach mór leas níos fearr a bhaint as na sineirgí idir codanna éagsúla den chóras fuinnimh, amhail táirgeadh, iompar, trádáil, trasfhoirmiú, dáileadh agus tomhaltas, agus trí thomhaltóirí a chumhachtú, lena n-áirítear in earnáil an iompair agus na tionsclaíochta, go mbeidís ina rannpháirtithe gníomhacha sa chóras fuinnimh, rud a rannchuideoidh leis an dícharbónú agus le solúbthacht an chórais.

27. CUIREANN SÍ I dTREIS acmhainneacht an bhithgháis agus an bhithmheatáin, mar aon le forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin a bheith sábháilte agus inbhuanaithe nuair atáthar ag rannchuidiú leis an dícharbónú. Hidrigin a tháirgeadh, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite, acmhainneachtaí nach mór measúnú agus iniúchadh sa bhreis a dhéanamh ina dtaobh, d'fhonn an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar gáis atá san Aontas cheana féin i gcóras fuinnimh atá dícharbónaithe.

**I bhfianaise an chéad téarma reachtach eile:**

28. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach na prionsabail thuasluaite a chur san áireamh agus tograí á dtíolacadh aige i réimsí beartais ar bith agus go háirithe nuair atáthar ag tíolacadh tograí chun gréasáin fuinnimh iontaofa agus costéifeachtacha a fhorbairt tuilleadh agus chun an córas fuinnimh a nuachóiriú tuilleadh trí theicneolaíochtaí nuálacha, an digitiú, an chúpláil earnála agus an comhtháthú earnála a chur chun cinn, agus, ag an am céanna, ina ndéanfaí gach iarracht an neodracht aeráide, i gcomhréir le forálacha Chomhaontú Pháras, a bhaint amach.

29. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach tabhairt faoi anailís a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí maidir leis an gcúpláil earnála agus an comhtháthú earnála, lena n-áirítear táirgeadh hidrigine, go háirithe i leith bacainní rialála agus margaidh agus bunaithe ar an anailís seo iniúchadh a dhéanamh ar thionscnaimh a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir le comhtháthú agus úsáid éifeachtach teicneolaíochtaí agus iompróirí fuinnimh den sórt sin.

30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach léiriú a thabhairt ar na hiarrachtaí atá ag teastáil chun spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais go dtí 2030 a bhaint amach i gcomhthéacs aon leasú eile a dhéanfar ar rialacha státchabhrach an Aontais.